

Ráiteas Slándála

Aithníonn Gaelscoil Chill Mhantáin tábhacht an dlí atá san Acht ar Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ar Obair 1989.

Leagann an Ráiteas Slándála amach an Polasaí atá ag Gaelscoil Chill Mhantáin agus leagann sé amach an chaoi ina mbainfidh sí an sprioc seo amach.

Is í an aidhm atá ag Gaelscoil Chill Mhantáin ná timpeallacht oibre atá sábháilte agus slántúil a chur ar fáil do na daoine go léir atá ag obair inti agus do na daltaí agus a dualgaisí do na daoine go léir a bhíonn i dteangmháil leí a chomhlíonadh.

Éilíonn an polasaí seo comhoibriú ó na fostaithí go léir.

Tá sé ar intinn againn an ráiteas seo a athmheas go rialta agus taithi, athraithe i riachtanais dlí agus athraithe i modhanna oibre a chur san áireamh.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta iniúchadh slándála go bliantúil agus cuirfidh sé tuairisc ar fáil don bhfoireann. Déanfar an cigireacht/iniúchadh slándála seo níos rialtaí má iarrann an fhoireann nó an Bord Bainistíochta a leithéid.

Déanfar iniúchadh ar thuairiscí nó ar dhrochshláinte i dtreo is go bhféadfar structúirí slándála a eagrú, más féidir, chun líon na dtimpistí agus na drochshláinte a laghdú.

Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta

Ráiteas ar Pholasáí Ghinearálta

1. Réamhtra

Is scoil náisiúnta í Gaelscoil Chill Mhantáin atá lonnaithe faoi láthair i bhfoirgneamh atá ar cíos í Casadh Meidhreach, Rath naoi, Co. Chill Mhantáin. I Méan Fómhair 2014 tá 283 daltaí (Naí Shois-Rang a Sé), 14 múinteoirí, beirt chúntóirí ranga, rúnaí agus 2 glanadóirí. Séard atá sa bhfoirgneamh scoile, atá mar chuid de fhoirgneamh níos mó ná 10 seomraí ranga, 10 leis leithreasaí, clós, seomra foirne, leithreas foirne, 3 sheomra Tacaíochta Foghlama, seomra stór agus dhá oifig.

2. Ráiteas Slandála

Is mian le Bord Bainistíochta na scoile timpeallacht a bhunú, a chur chun cinn, agus a chothú ina mbeadh leas fisiciúil agus inteannach phobal na scoile cothaithe go dtí leibhéal chomh hard agus is féidir, is main leis freisin bunchloch a sholáthar i dtreo is go mbeadh Príomhoide na scoile in ann fadhbanna a tharlaíonn sa timpeallacht oibre a réiteach ag comhoibriú leis an Roinn Oideachas, leis an mBord Bainistíochta, leis an bhfoireann, leis na daltaí agus le Cumann na dTuismitheoirí.

3. Curaimí lastigh den Ráiteas Slándála

An Bord Bainistíochta: Glacann Bord Bainistíochta na scoile cúram uile na Slándála air féin.

An Príomhoide: Is é an Príomhoide ionadaí an Bhord Bainistíochta agus tá sé fregrach as eagraíocht laethúil na scoile, sábháilteacht agus leas phobal na scoile san áireamh.

Ionadaí Foirne: Aithníonn Bord Bainistíochta na scoile go bhfuil suim faoi leith ag an bhfoireann i sábháilteacht a fhorbairt agus a chothú i dtimpeallacht na scoile. Chuige sin iarrtar ar an bhfoireann Ionadaí Slándála a roghnú chuile bhliain ó bhail na foirne, a bheadh i dteangmháil leis an bPríomhoide agus leis an mBord Bainistíochta mar gheall ar cheisteanna shábháilteacht, shláinte nó leas na foirne nó na ndaltaí. Is féidir leis an Ionadaí Slándála freisin cigireacht a dhéanamh ar fhoirgneamh na scoile, is feabhas a chur ar chúrsaí shábháilteacht, shláinte nó leas phobal na scoile a chur faoi chúram an Phríomhoide.

4. Achoimre

Féachfaidh an Bord Bainistíochta chuige go ndéanfar chuile iarracht sábháilteacht, sláinte agus leas phobal na scoile a chinntiú, tá chuile dhuile freagrach áfach sa chéad áit as a chuid sábháilteachta féin.

Ráiteas Polasaí ar Acht Slándála, Sláinte agus Leasa ar Obair, 1989.

- 1.1 Gaelscoil Chill Mhantáin: Bord Bainistíochta.
Cathaoirleach _____
Cisteoir _____
Rúnaí _____
Príomhoide _____

- 1.2 Féachfaidh Gaelscoil Chill Mhantáin chuige chomh fada agus is féidir, go gcuirfear ardchaighdeán slándála i bhfeidhm agus go gcuifear i bhfeidhm ar a laghad na soláthair atá san Acht Slándála, Sláinte agus Leasa ar Obair 1989.
- 1.3 Go baileach, is mian le Gaelscoil Chill Mhantáin bheith cinnte chomh fada is atá praiticiúil go réasúnta go bhfuil:
- Dearadh, soláthar agus cúram chuile áit i riocht atá sábháilte agus gan riosca do shláinte.
 - Dearadh, soláthar agus riocht ar mhodhanna sábháilte isteach go dtí agus amach ó áiteacha oibre.
 - Dearadh, soláthar agus riocht fhearais agus innealra.
 - Modhanna oibre a sholáthar atá pleanáilte, eagraith, déanta agus cothaithe i dtreo is go bhfuil siad sábháilte agus gan riosca do shláinte.
 - Teagasc a thabhairt don bhfoireann ar mhodhanna cearta chun daltaí a ardú agus chun déileáil le iompar dúshlánach ó na daltaí.
 - Eolas, teagasc, oiliúint agus maoirseacht a sholáthar mar is gá.
 - Éadaí cosanta feiliúnacha a sholáthar mar is gá chun sábháilteacht agus sláinte a cuid fostaithe ar obair a chinntiú.
 - Pleananna fóna le haghaidh éigeandálaí m.sh. druill dhóiteáin, dochar agus ar aile.
 - Sábháilteacht agus seachaint riosca do shláinte ar obair agus aon earra nó foladh in úsáid.
 - Áiseanna agus socraithe le haghaidh leas na bhfostaithe ar obair a chur ar fáil agus a chothú.
 - Seirbhísí a fháil ó dhuine inniúil mar is gá chun sábháilteacht agus sláinte na bhfostaithe ar obair a chinntiú.
 - An Ráiteas Slándála a choimeád suas chun dáta.
 - Socraithe le haghaidh dul i gcomhairle le fostaithe ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta a dhéanamh.
 - Socraithe a dhéanamh chun ionadaí Slándála le haghaidh fostaithe.
- Is í Cáit O' Kane an ionadaí Slándála le haghaidh 2014/2015.**
- 1.4 Tuigeann Gaelscoil Chill Mhantáin go mbaineann a oibleagáidí reachtúla faoin achtú le daltaí, le aon duine atá gnó scoile ar siúl go dlisteanach aige agus leis an bpobal.
- 1.5 Cinnteoidh Bord Bainistíochta Ghaelscoil Chill Mhantáin go gcloifear leis na n-ailt atá san Acht Slándála, Sláinte agus Leasa 1989.

Dualgaisí na bhFostaithe

- 1 Tá sé de dhualgas ag chuile fhostaí agus é ag obair:
- aire réasúnta a thabhairt dá shábháilteacht, dá shláinte agus dá leas féin, agus do shábháilteacht, do shláinte agus do leas éinne eile a d'fhéadfadh a chuid faillíocha dul i bhfeidhm air.

- b) comhoibriú lena fhostitheoirí nó le éinne eile i dtreo is go mbeadh a fhostaitheoir nó an duine eile in ann cloí leis na soláthair reachtúla cuí.
- c) úsáid cuí a bhaint as aon trealamh feiliúnach, as éadaí cosanta, as áis, as fearais nó as earra a chuirtear ar fáil (cibé acu a bheadh sé in úsáid aige féin amháin nó i gcomhar le daoine eile) i dtreo is go mbeadh an cosaint ceart curtha ar fáil chun a shábháilteacht, a shláinte agus a leas a chinntiú agus é ag obair.
- d) cur in iúl don Bhord Bainistíochta gan mhoill, locht ar bith in innealra, fearais, áit oibre, nó modh oibre, a chuirfeadh sábháilteacht, sláinte nó leas i mbaol.
- 2 Ní chuirfidh éinne isteach d'aonghnó nó go neamhchúramach ar, nó ní bhainfidh sé mí-úsáid as aon trealamh, éadaí cosanta, áis, modhanna eile nó earra curtha ar fáil de bhun na soláthair reachtúla cuí, chun sábháilteacht, sláinte, nó leas daoine ag fás as gníomhaíochtaí oibre, a chinntiú.
- 3 Cinnteoidh fostaithe, trí úsáid a bhaint as áiseanna, as trealamh atá curtha ar fáil, go mbeadh gníomhaíocht oibre déanta sa tslí is sábháiláí is féidir.

Sainbhaoil

1. Dóiteán

Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Chill Mhantáin:

Go mbíonn go leor múchtóirí dóiteáin le fáil a láimhseodh aon saghas dóiteáin.

Go mbíonn an trealamh dóiteáin go léir aitheanta agus go ndéantar séirbhís air go rialta.

Go mbíonn druilanna dóiteáin ann go rialta, ar a laghad ceann amháin sa téarma.

Go dtugtar oiliúint ar an gcaoi inar cheart múchtóirí dóiteáin a úsáid le haghaidh fearais/trealaimh áirithe.

Go mbíonn fógraí sofheicthe i dtreo is go mbíonn a fhios ag cuairteoirí cá bhfuil na doirse éalaithe.

Go mbaintear amach na plugóid ar ghach trealamh leictreach nó go gcastar as iad – ach amháin an cuisneoir.

Go mbíonn láthair tionóla ainmnithe taobh amuigh den bhfoirgneamh.

** Clós na scoile

Go n-insíonn chuile dhuine atá ag dul amach ón seomra ranga don mhúinteoir go bhfuil sé ag imeacht. Go n-insíonn chuile dhuine atá an foirgneamh á fágaint aige (daltaí agus foireann san áireamh) don príomhoide go bhfuil sé ag imeacht.

Go mbíonn fógraí éalaithe sofheicthe.

Go mbeidh duine ainmnithe fregrach as druileanna dóiteáin agus as modhanna éalaithe.

** Seán Ó Briain

Go bhfuil an scoil agus an fearas seiceáilte ag oifigeach dóiteáin agus go bhfuil a mholtaí go léir curtha i bhfeidhm.

Comhairle agus Eolas

Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Chill Mhantáin:

- Dul i gcomhairle leis an bhfoireann agus Foirmeacha Smacht na mBaol á ullmhú agus á líonadh.
- Cóip den Ráiteas Slándála a thabhairt do ghach bhall den bhfoireann anois agus sa todhchaí.
- Go mbeadh aon eolas sa bhreis nó treoracha mar gheall ar Shláinte, ar Shábháilteacht agus ar Leas ar Obair nach bhfuil sa cháipéis curtha in iúl don bhfoireann go léir chomh luath is atá sé ar fáil.
- Go mbeadh Sláinte, Sábháilteacht agus Leas mar chuid d'ilis de phleananna le haghaidh oiliúint agus forbairt foirne sa todhchaí.

Baoil

Lionfaidh an fhoireann agus an Bord Bainistíochta foirmeacha ar bhaoil a choiméad faoi smacht isteach. Is féidir baoil áirithe a réiteach ach bíonn baoil eile ann go buan. Tá na baoil roinnte ina dhá chuid.

Rachfar i ngleic le baoil gur féidir a réiteach nó a laghdú mar ábhar práinne. Beidh na cinn nach féidir a réiteach léirithe agus modhanna láimhseála liostaithe in aice leo.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta i gcomhairle leis na fostaithe athmheas ar agus moltaí ar chonas baoil a dhíbirt.

Tá sé socraithe ag Gaelscoil Chill Mhantáin druileanna dóiteáin a eagrú go rialta, go ginearálta dhá nó trí uaire sa bhliain scoile. Tá an Príomhoide freagrach as na druileanna seo.

Nuair a fhuaimníonn an t-aláram lean na rialach seo láithreach:

1. Ba cheart do na daltaí s suíocháin a fhágaint in ord agus go ciúin gan aon rud a thabhairt leo, agus líne a dhéanamh sa seomra ranga.
2. Ba cheart don mhúinteoir iad a chomhaireamh go tapaidh agus an leabhar rolla a bhailiú.
3. Ba cheart do na daltaí an seomra a fhágaint in ord, sa tslí atá leagtha amach do chuile rang.
4. Ba cheart do ghach rang teacht le chéile sa láthair tionóla ainmnithe agus glaotar an rolla ann.
5. Filleann chuile dhuine in ord go dtí an seomra ranga nuair a thugtar cead dóibh.

Uimhreacha gutháin i gcás práinne:

Stáisiún na nGardaí	67107
Oispidéal Chill Mhantáin/Otharcharr	68244
Briogáid Dóiteáin	999

Bealaí Éalaithe:

- 1 Tá doras i ngach seomra ranga ag dul amach go dtí an clós.
- 2 Doras Éalaithe ag dul amach on leabharlann go dtí cúl an scoil.
- 3 Doras Éalaithe ag dul amach on seomra foirne go dtí cúl an scoil.
- 4 Tá trí Doras Éalaithe ag dul amach go dtí an clós on an pacáiste.

2. Baoil Eile

Foirgneamh Scoile

Baoil Buana

1. Inneallra, Trealamh Cistine agus Fearas Leictreach.

Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Chill Mhantáin:

Nach mbainfidh éinne ach amháin daoine inniúla úsáid as Inneallra, as Trealamh Cistine agus as Fearas Leictreach. Déanfar seiceála cothaithe rialta ar Fearas agus ar Trealamh.

2. Ceimicigh.

Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Chill Mhantáin:

Go mbeidh ceimicigh, glantóirí agus ar aile curtha i gcoimeád i soithí inaitheanta go soiléir ar a bhfuil treoracha agus réamhchúraimí le haghaidh a n-úsáid, agus go mbeadh siad curtha in áiteacha atá faoi ghlas nó srianta agus go mbeadh cosaint ar fáil do na daoine atá siad á lámhseáil acu.

3. Dugaí, Leigheasanna.

Ní thabharfaidh an fhoireann leigheas do dhaltaí.

4. Urláir Tréansnasta nó Fliucha.

Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Chill Mhantáin:

Nach mbeadh urláir tréansnasta agus nach ndéanfar na hurláir sleamhain.

Nífeair na hurláir tar éis uaireanta scoile chun a chinntiú, chomh fada is atá praiticiúil go réasúnta, nach mbeadh dáinséar sleamhnú ann. Iarrtar ar ghlandóirí agus ar fheighlithe gan píosaí de cháblaí leictreacha nó eile nach bhfuil riachtanach a fhágáil scaoilte áit ina bhféadfadh siad bheith ciontach le timpiste.

5. Iarann Cód Smachta na scoile leibhéal áirithe iompair chun riosca nó strús pearsanta d'aon fhostaí a laghdú.

6. Tá teacht ar fhostaithe le aontú. Nuair a mhothaíonn fostaí go bhfuil sé i gcontúirt ó nó go bhfuil bagairt air ó dhuine áirithe ar áitreabh scoile caithfear é seo a chur os comhair an Bhord Bainistíochta. Glacann an Bord mar chúram air féin agus cúrsaí amhlaidh dul i mbun oibre dá réir agus a chinntiú go mbeadh cosaint á fáil ag fostaíthe. Ar na seifteanna seo beidh cruinnithe le coinne, le nó gan fianaisí agus nuair atá cúrsaí ag dul thar fóir ordú cúirte a fháil agus cás dlí a thosú más gá.

7. Tá an scoil go léir ainmnithe mar chrios gan tabac.

8. Níl cead ag na páistí deochanna a thabhairt ar scoil i mbuidéil gloine chun bristeacha agus gearrthacha a laghdú.

9. Tá ciste curtha ar leataobh ag an mBord Bainistíochta chun clúdach ionadóireachta a chinntiú (nuair atá ionadaí cáilithe le fáil) le haghaidh díláthair múinteoirí. Tá an ciste seo chun díláthreacha a clúdach, m.sh. laetha saoire pearsanta, nach gclúdaíonn an Roinn Oideachais faoi láthair. Tá sé mar pholasaí ag an mBord nach mbeadh ranganna roinnte i seomraí eile ach amháin nuair nach bhfuil aon dul as.

10. Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Chill Mhantáin:

Go leantar an comhairle atá leagtha síos i 'Treoirinte ar feidhmiú sabháilte VDU' curtha ar fáil ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteacha.

11. Tá sé mar pholasaí ag an scoil scéala mar gheall ar ghalair tógálacha a chur chuig an Bord Sláinte.

Is mian le Gaelscoil Chill Mhantáin chomh fada agus is féidir go réasúnta sábháilteacht na foirne a chinntiú i gcoinne na galair tógálach go léir, Hepatitis 'B' san áireamh.

Déanfaidh Gaelscoil Chill Mhantáin iarracht an riosca a laghdú le:

Cloí le deaphrionsabail glaineachta, sláinteachais agus díghalrú agus solátharfaidh Gaelscoil Chill Mhantáin lámhainní agus ba cheart iad a úsáid le haghaidh céad cabhrach, glanadh agus ar aile.

Cuirfear leithreas scartha le uisce fuar agus te, aonad sláintíochta agus gallúnach ar fáil.

Foireann Oilte i gCéad Cabhrach

Tá sé mar pholasaí ag Gaelscoil Chill Mhantáin:

Go mbeadh ball foirne, m.sh. Cúntóir Ranga fostaíthe faoi scéim Fhostaíocht Pobail, oilte chun céad cabhrach a chleachtadh.

Go gcuirfear chuile leigheas agus trealamh ar fáil le haghaidh Chéadh Cabhrach.

Go gcuirfear lámhainní ar fáil agus go gcaithfear úsáid a bhaint astu agus céad chabhair á cleachtadh.

Tá Leabhar na d'Timpiste Ionaithe san oifig.

Tá cairt chéad cabhrach le fáil ar falla an sheomra foirne.

Athbhreithniú

Cruthaithe	
Athbhreithniú déanta	2013-2014
Athbhreithniú déanta	Deireadh Fómhair 2014
Athbhreithniú le déanamh	Deireadh Fómhair 2015

Nóta: Beidh Gaelscoil Chill Mhantáin ag bogadh chuig suíomh nua san Abbey i mbliana. Mar gheall ar sin, ní déanfar níos mó athrú ar an pblasaí go dtí go bhfuil muid ar an láthair sin.